2026/2388

23.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2388 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 ón gComhairle an 7 Iúil 2003 maidir le srianta sonracha áirithe ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus airgeadais leis an Iaráic agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2465/96 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003, liostaítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha, comhlachtaí nó eintitis a bhaineann le réimeas an iar-Uachtaráin Saddam Hussein a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha agus le toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil.

(2) An 5 Deireadh Fómhair 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe eintiteas amháin a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag an reo sócmhainní maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Don Choimisiún
Thar ceann an Uachtaráin

Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 169, 8.7.2003, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1210/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1210/2003, scriostar an iontráil seo a leanas:

‘97. LOGARCHEO S.A. (*ar a dtugtar freisin* LOGARCHEO AG). Seoladh: Chemin du Carmel, 1661 Le Paquier-Montbarry, an Eilvéis. Faisnéis eile: Uimhir Chónaidhme: CH-2 17-0-431-423-3 (An Eilvéis).’.